Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2026
(OR. en)

15402/26

EDUC 438
DIGIT 290
JEUN 242
SOC 715
EMPL 416
TELECOM 530

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna agus inniúlachtaí chun dul i ngleic leis an intleacht shaorga (IS)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an seisiún a bhí aici an 19 Samhain 2026.

Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna agus inniúlachtaí chun dul i ngleic leis an intleacht shaorga (IS)

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

MEABHRAÍONN SÍ cúlra polaitiúil an Limistéar Eorpaigh Oideachais, gur baineadh amach go hiomlán é, chomh maith le téacsanna a glacadh laistigh den Aontas maidir leis an oideachas digiteach, scileanna agus inniúlachtaí digiteacha agus an intleacht shaorga.

AITHNÍONN SÍ

1. go bhfuil forbairtí tapa síorathraitheacha atá ag teacht chun cinn i réimse na hintleachta saorga agus i dteicneolaíochtaí na hintleachta saorga ag dul i bhfeidhm ar shaol laethúil na saoránach agus ní fada go mbeidh siad mar chuid de;

2. go bhféadfadh an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí na hintleachta saorga go leor tairbhí a chur ar fáil agus athrú ó bhonn a dhéanamh ar na bealaí ina bhfaightear rochtain ar eolas agus ina gcuirtear in iúl é, agus ar an gcaoi a bhfoghlaimímid agus a dteagascaimid an uile chineál oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal;

3. go bhfuil brú méadaithe ann maidir le haghaidh a thabhairt ar chumais dhigiteacha agus intleachta saorga atá ag dul chun cinn go tapa trína áirithiú go mbeidh na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá ag gach saoránach chun an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí na hintleachta saorga a thuiscint, a úsáid agus chun dul i ngleic leo go criticiúil agus go freagrach, ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de;

4. go bhfuil go leor dúshlán ag baint le réimse na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí na hintleachta saorga freisin maidir le cúrsaí oideachais agus oiliúna; ina measc, go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh torthaí foghlama fóinteach, go gcloífear leis an tsláine acadúil, go gcosnófar próisis chognaíocha dhaonna bhunriachtanacha agus go ndéanfar iarrachtaí chun an cheannasacht dhigiteach a neartú;

5. áirítear ar dhúshláin eile, an gá lena áirithiú, i gcás ina n-úsáidtear an intleacht shaorga, go n-úsáidfí í ar bhealach eiticiúil freagrach trédhearcach inbhuanaithe a bheidh cuimsitheach agus dírithe ar an duine, lena n-áirithítear go dtabharfaí lánurraim do chearta bunúsacha agus go laghdófaí claontachtaí díobhálacha, agus go gcuirfí feabhas ar an bpróiseas foghlama, agus nach mór meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar na nithe sin uile;

6. go bhfuil athmhúnlú á dhéanamh ag an intleacht shaorga agus ag teicneolaíochtaí na hintleachta saorga ar go leor slite beatha agus gairmeacha, agus go bhfuil earnálacha nua, earnálacha atá ag teacht chun cinn agus earnálacha atá i mbun forbartha tar éis eascairt astu freisin a bhfuil lucht saothair oilte agus speisialaithe ag teastáil ina leith;

7. gur lón machnaimh é seo ar fud an Aontais, i dtaca le curaclam, cláir foghlama, agus modhanna teagaisc agus measúnaithe, lena n-áirítear deiseanna nua le haghaidh nuálaíocht oideolaíoch agus pearsanú foghlama.

MEASANN SÍ GO BHFUIL SCILEANNA AGUS INNIÚLACHTAÍ I nDÁIL NA hINTLEACHTA SAORGA

8. éagsúil ó thaobh cineáil de agus go bhfuil siad ag teacht chun cinn, ag forbairt agus á sainiú i gcónaí;

9. go gcuireann siad le scileanna digiteacha atá ann cheana agus le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha, smaointeoireacht chriticiúil, feasacht eiticiúil, cinnteoireacht fhreagrach, comhbhá agus scileanna sochmhothúchánacha eile, mar aon leis an gcruthaitheacht agus an athléimneacht;

10. go nasctar leo inniúlacht dhigiteach, lena n-áirítear litearthachtaí sonraí agus meán, tuiscint algartamach agus an cumas meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar thionchair, aschuir agus teorainneacha na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga agus iad a léirmhíniú;

11. go gcuimsítear scileanna leo, lena n-áirítear aschuir arna nginiúint ag an intleacht shaorga a spreagadh, meastóireacht chriticiúil a dhéanamh orthu agus iad a fhíorú, an intleacht shaorga a úsáid chun fadhbanna a chumadh agus a réiteach, an intleacht shaorga a chruthú, a cheapadh agus a mhúnlú, an cumas a aithint cathain nach n-úsáidfear an intleacht shaorga agus tuiscint a fháil ar thionchar na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí na hintleachta saorga ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol;

12. gur gá iad a fhorbairt ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise gan beann ar tráth saoil agus go bhfuil siad ábhartha do gach leibhéal agus do gach cineál oideachais agus oiliúna;

13. go bhfuil siad tábhachtach do shaoránaigh chun rochtain a fháil ar mhargadh saothair atá ag athrú agus atá ag freagairt d'úsáid na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga, chun páirt a ghlacadh ann agus chun oiriúnú dó;

14. go n-éilíonn siad machnamh, comhar, comhoibriú agus idirphlé leanúnach idir lucht ceaptha beartas, foghlaimeoirí, oideoirí, soláthraithe oideachais agus oiliúna, institiúidí taighde, comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun meastóireacht fhianaisebhunaithe, comhroinnt dea-chleachtas agus cothú freagrachta comhroinnte a éascú.

LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Gníomh um an Intleacht Shaorga'), lena mbunaítear creat chun an intleacht shaorga a úsáid ar bhealach sábháilte, eiticiúil agus iontaofa, lena n-áirítear san oideachas agus san oiliúint.

TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar an gceannasacht dhigiteach agus an uathriail straitéiseach atá bunriachtanach don Eoraip, agus tugann sí dá haire go bhfuil sé ríthábhachtach spleáchais a bhaineann le huirlisí agus teicneolaíochtaí na hintleachta saorga a fhorbraítear lasmuigh den Eoraip a laghdú, lena n-áirítear san oideachas agus san oiliúint.

IS DÍOL SÁSAIMH DI

15. DigComp 3.0 (2025), an cúigiú leagan den Chreat Eorpach maidir le hInniúlacht Dhigiteach, lena léirítear na himpleachtaí scileanna do threochtaí teicneolaíochta digití atá ann le déanaí agus atá ag teacht chun cinn, an intleacht shaorga san áireamh;

16. Foghlaimeoirí a chumhachtú le haghaidh ré na hintleachta saorga: Creat um litearthacht IS sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas (2026, ECFE/an tAontas Eorpach), lena gcuirtear creat ar fáil chun scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an intleacht shaorga a fhorbairt ar fud an bhunoideachais agus an mheánoideachais agus lena gcuirtear chun cinn tuiscint chomhroinnte ar an eolas, ar na scileanna agus ar na dearcthaí a theastaíonn ó fhoghlaimeoirí chun páirt a ghlacadh san intleacht shaorga agus chun í a chruthú, a bhainistiú agus a mhúnlú san oideachas, san obair agus sa tsochaí.

AONTAÍONN SÍ

17. nach mór forbairt agus úsáid na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga a shonrú go leanúnach ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna agus go bhfreagrófar go hiomchuí agus go freagrach dóibh;

18. gur gá cur chuige comhleanúnach fianaisebhunaithe chun tacú leis na scileanna agus na n-inniúlachtaí a bheidh de dhíth ar shaoránaigh i gcomhthéacs na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga a fhorbairt;

19. gur cheart an teagasc agus an fhoghlaim ar gach leibhéal agus a bhaineann le gach cineál oideachais agus oiliúna a bheith dírithe ar an duine i gcónaí agus nach mór aird a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an intleacht shaorga agus ag teicneolaíochtaí na hintleachta saorga, lena n-áirítear róspleáchas ar uirlisí intleachta saorga, mífhaisnéis, bréagaisnéis agus úsáid mhailíseach ábhair, cibearbhulaíocht, claontachtaí algartamacha, idirdhealú, caillteanas foghlama, dí-ualú cognaíoch, ábhair imní maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas, an bhagairt ar shláine acadúil, chomh maith leis na tionchair shóisialta agus chomhshaoil;

20. gur cheart aird a thabhairt ar úsáid fhreagrach, shábháilte agus thrédhearcach sonraí, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus nach mór do shaoránaigh na himpleachtaí a bhaineann le sonraí a chomhroinnt leis an intleacht shaorga agus le teicneolaíochtaí intleachta saorga a thuiscint;

21. gur bunchloch den fhoghlaim bhreise ar fad é leibhéal leordhóthanach litearthachta, matamaitice agus eolaíochta a chur ar fáil don uile dhuine; go gcuireann an dúshraith sin ar chumas na bhfoghlaimeoirí inniúlachtaí níos leithne agus níos speisialaithe araon a fhorbairt, lena n-áirítear inniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga;

22. go bhfuil oideachas agus cúram na luath-óige tábhachtach chun tacú le smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna bunúsacha eile a fhorbairt go luath, ar scileanna iad atá riachtanach do leanaí agus do dhaoine óga chun dul i ngleic go sábháilte agus go héifeachtach le teicneolaíochtaí digiteacha agus leis an intleacht shaorga de réir mar a théann siad in aois;

23. go bhfuil ról tábhachtach ag an oideachas scoile i bhforbairt scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus le teicneolaíochtaí na hintleachta saorga chun tacú le foghlaimeoirí ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de páirt a ghlacadh san intleacht shaorga, í a chruthú, a bhainistiú agus a mhúnlú ar bhealach freagrach, sábháilte agus eiticiúil agus a n-inniúlacht dhigiteach á cothú ag an am céanna;

24. go bhfuil ról an-tábhachtach ag tuismitheoirí, cúramóirí agus teaghlaigh maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga chun na luathscileanna agus na luathinniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga a fhorbairt agus chun na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le digitiú a thuiscint;

25. i bhfianaise an tionchair atá ag an intleachta shaorga agus ag teicneolaíochtaí na hintleachta saorga ar go leor disciplíní, gur féidir le cláir foghlama san ardoideachas, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (VET) agus san fhoghlaim aosach tacú le gach foghlaimeoir na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhorbairt chun an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí na hintleachta saorga a úsáid go héifeachtach agus go freagrach;

26. go bhfuil ról tábhachtach ag an ardoideachas agus ag an ngairmoideachas agus ag an ngairmoiliúint maidir le forbairt na n-ardscileanna digiteacha is gá le haghaidh slite beatha agus gairmeacha nua, atá ag teacht chun cinn agus atá ag forbairt in earnálacha ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí na hintleachta saorga agus a bhfuil tábhacht shuntasach ag baint leo ó thaobh na nuálaíochta agus an iomaíochais de;

27. go bhfuil ról ceannasach ag institiúidí ardoideachais maidir le taighde a chur chun cinn lena rannchuidítear le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an intleacht shaorga agus ar theicneolaíochtaí na hintleachta saorga atá slán iontaofa, lena dtacaítear leis an nuálaíocht chun leas a bhaint as na tairbhí iomaíocha is féidir leis an intleacht shaorga a thairiscint, agus lena ndéantar meastóireacht ar thionchair shochaíocha, chomhshaoil agus eacnamaíocha na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga;

28. nach mór machnamh a dhéanamh ar chleachtais mheasúnaithe ar gach leibhéal agus i ndáil le gach cineál oideachais agus oiliúna i gcomhthéacs ina bhfuil an intleacht shaorga ar fáil go forleathan, chun a áirithiú go ndéanfar torthaí foghlama agus sláine acadúil a choimirciú;

29. go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear an fhoghlaim aosach, ríthábhachtach chun a chur ar chumas gach saoránach leanúint de bheith ag foghlaim faoin intleacht shaorga agus faoi theicneolaíochtaí na hintleachta saorga agus tógáil ar a scileanna agus ar a n-inniúlachtaí mar fhreagairt ar an athrú teicneolaíoch, lena n-áirítear trí uas-sciliú agus athsciliú, agus trí chúrsaí solúbtha, sofhreagrúla agus gearra, lena n-áirítear micridhintiúir;

30. gur féidir le heispéiris foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla cur le forbairt scileanna agus inniúlachtaí atá ábhartha don intleacht shaorga agus do theicneolaíochtaí intleachta saorga i gcás saoránach gan beann ar aois.

LEAGANN SÍ BÉIM ar an méid seo a leanas

31. gur gá bearta spriocdhírithe chun scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga a neartú i gcás gach saoránaigh gan beann ar thráth saoil agus, go háirithe, i gcás na saoránach sin a bhfuil leibhéil ísle scileanna digiteacha acu;

32. gur gá cineálacha cur chuige cuimsitheacha chun cur ar chumas na saoránach, gan beann ar inscne, aois, riachtanais éagsúla, suíomh geografach nó cúlra socheacnamaíoch, páirt a ghlacadh i ndeiseanna foghlama a bhaineann leis an intleacht shaorga, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní a bhaineann le hinrochtaineacht, soghluaisteacht, rannpháirtíocht agus teanga, agus tríd an riosca go leathnófar an deighilt dhigiteach nó neamhionannais eile atá ann cheana a mhaolú;

33. nach mór an fholláine agus an chothromaíocht dhigiteach a chur chun cinn go leanúnach chun go gcuirfí ar chumas na saoránach caidreamh sláintiúil freagrach a fhorbairt leis an intleacht shaorga agus le teicneolaíochtaí na hintleachta saorga;

34. nach mór treoir ar feadh an tsaoil a fhorbairt i gcomhthéacs na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga, agus leanúint de bheith dírithe ar an duine, chun cabhrú le saoránaigh roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le deiseanna foghlama, comhlíonadh na hacmhainn pearsanta agus conairí gairme;

35. mar chuid den oideachas agus den oiliúint tosaigh agus den fhorbairt ghairmiúil leanúnach, nach mór tacú le múinteoirí, le hoiliúnóirí, le hoideoirí agus le ceannairí dul in oiriúint don athrú teicneolaíoch, gan beann ar a leibhéal ullmhachta digití, chun leibhéil leordhóthanacha litearthachta intleachta saorga a fhorbairt, lena n-áirítear tuiscint a fháil ar na deiseanna, na rioscaí agus na díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an intleacht shaorga agus le teicneolaíochtaí na hintleachta saorga, an intleacht shaorga a úsáid chun a gcuir chuige oideolaíocha a fheabhsú, agus chun tacú le sealbhú scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga;

36. go dteastaíonn tacaíocht ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le húsáid na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna lena n-áirítear sláine acadúil, bradaíl, cóipcheart, trédhearcacht, nochtadh na úsáide a bhaintear as an intleacht shaorga, rialachas, formhaoirseacht dhaonna, slándáil, príobháideachas agus ábhair eiticiúla;

37. i bhfianaise luas tapa an athraithe i réimse na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga, go bhfuil sé ríthábhachtach riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint, a réamh-mheas agus freagairt dóibh, lena n-áirítear ardscileanna digiteacha, i gcomhthéacs iomaíochas foriomlán an Aontais.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT

38. cur chuige comhleanúnach, cuimsitheach agus fianaisebhunaithe a ghlacadh chun tacú le forbairt na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá de dhíth ar shaoránaigh i gcomhthéacs na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga, trí mhachnamh leanúnach, malartú dea-chleachtas, comhar, comhoibriú agus idirphlé idir lucht ceaptha beartas agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile;

39. úsáid a bhaint as na huirlisí ábhartha atá ag an Aontas cheana, lena n-áirítear DigComp 3.0, creat litearthachta na hintleachta saorga don bhunoideachas agus don mheánoideachas agus na Treoirlínte nuashonraithe maidir le húsáid eiticiúil na hintleachta saorga agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim d'oideoirí agus curaclaim, creataí agus cláir foghlama agus mheasúnaithe náisiúnta agus/nó réigiúnacha á bhforbairt agus á dtabhairt cothrom le dáta lena mbaineann na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá don intleacht shaorga;

40. tacú le múinteoirí, le hoiliúnóirí, le hoideoirí agus le ceannairí chun leibhéil leordhóthanacha litearthachta intleachta saorga a fhorbairt agus foghlaim faoi shealbhú scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga mar chuid den oideachas agus den oiliúint tosaigh agus den fhorbairt ghairmiúil leanúnach; iad a spreagadh chun na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an intleacht shaorga a thapú agus cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le húsáid na hintleachta saorga i gcás ina bhfeabhsaíonn sí an oideolaíocht agus ina gcuireann sí riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus céim na forbartha san áireamh;

41. tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do scoileanna agus do sholáthraithe oideachais agus oiliúna maidir le forbairt scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus le teicneolaíochtaí na hintleachta saorga, ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de; chomh maith le beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, trí chur chuige uile-institiúide, maidir le húsáid na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga lena gcosnaítear gníomhú an duine, cuimsiú, cothromas agus folláine;

42. soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus ardoideachais a spreagadh chun cláir foghlama atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus cláir foghlama nua a fhorbairt le haghaidh an ardeolais, na n-ardscileanna agus na n-ardinniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga is gá le haghaidh slite beatha agus gairmeacha nua agus athraitheacha;

43. cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn chun go mbeidh saoránaigh, gan beann ar aois, in ann scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt le haghaidh na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga, lena n-áirítear trí uas-sciliú agus athsciliú, chomh maith le cúrsaí solúbtha, sofhreagrúla agus gearra, lena n-áirítear micridhintiúir;

44. machnamh a dhéanamh ar an intleacht shaorga agus ar theicneolaíochtaí na hintleachta saorga, lena n-áirítear litearthacht intleachta saorga agus ardscileanna digiteacha, a ionchorprú i bpleanáil scileanna náisiúnta agus réigiúnacha;

45. meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga ar an oideachas agus ar an oiliúint ar gach leibhéal, lena n-áirítear an tionchar ar neamhionannais atá ann cheana lena n-áirítear inscne, míchumas, cúlra socheacnamaíoch agus suíomh geografach, agus úsáid á baint, i gcás inar féidir, as sonraí agus uirlisí meastóireachta atá ann cheana;

46. leas iomlán a bhaint as cistí, uirlisí agus cláir chomhair, creataí agus treoirlínte an Aontais atá ann cheana chun tacú le forbairtí agus athchóirithe a bhaineann le scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga agus oibriú le chéile chun réitigh a fhorbairt, lena n-áirítear iad siúd lena mbaintear leas as roghanna foinse oscailte Eorpacha.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, faoi chuimsiú a réimse inniúlachta agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta

47. comhar, comhroinnt dea-chleachtas, malartú beartais agus fothú acmhainneachta a éascú i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha maidir le cineálacha cur chuige atá dírithe ar an duine i leith na hintleachta saorga, lena n-áirítear scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga agus dul i dteagmháil leis na Ballstáit maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe aige i réimse na scileanna agus na n-inniúlachtaí le haghaidh na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga;

48. an bonn fianaise a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar thorthaí foghlama, ar thionchar na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí na hintleachta saorga ar gach leibhéal agus i gcás gach cineáil oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí oibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile ar nós ECFE, UNESCO agus Comhairle na hEorpa;

49. uirlisí ar nós DigComp 3.0, an creat um litearthacht IS don bhunoideachas agus don mheánoideachas agus na Treoirlínte nuashonraithe maidir le húsáid eiticiúil na hintleachta saorga agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim d'oideoirí a chur chun cinn mar acmhainní chun tacú le ceapadh beartas do na Ballstáit, agus i measc múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus ceannairí, agus soláthraithe oideachais agus oiliúna;

50. bearta a dhéanamh chun cur le hobair an chreata um litearthacht IS le haghaidh an bhunoideachais agus an mheánoideachais chun creataí um litearthacht IS a fhorbairt do shaoránaigh ag tráthanna eile dá saol;

51. leanúint de bheith ag obair ar acmhainní agus iad a scaipeadh chun tacú le húsáid eiticiúil, fhreagrach, chuimsitheach, shábháilte agus thrédhearcach uirlisí na hintleachta saorga san oideachas agus san oiliúint a choinníonn bord ar bhord leis an ráta athraithe agus a thacaíonn le saoránaigh ag gach tráth dá saol;

52. leanúint de dheiseanna foghlama gairmiúla ábhartha a fhorbairt agus a thairiscint do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí, d'oideoirí agus do cheannairí, lena n-áirítear trí líonraí piarfhoghlama agus trí phobail chleachtais lena n-áirítear an Mol Eorpach um an Oideachas Digiteach, an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile agus an Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE);

53. tionscnaimh a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit chun ullmhacht na hEorpa don todhchaí a fheabhsú, chun tacú leo oiriúnú don intleacht shaorga agus do theicneolaíochtaí na hintleachta saorga, agus machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh bheartais a fhorbairt chun cineálacha cur chuige nuálacha a thástáil, a mheas agus a leathnú chun an intleacht shaorga a chomhtháthú go héifeachtach, go sábháilte agus go freagrach san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear trí roghanna foinse oscailte Eorpacha.